**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/57 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14 Eanáir 2022**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí rothar a chuirtear chun bealaigh ón Indinéis, ón Malaeisia, ó Shrí Lanca, ón Túinéis, ón gCambóid, ón bPacastáin agus ó na hOileáin Fhilipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, is allmhairí iad atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Oyama Bicycles (Taicang) Co., Ltd ("Oyama"), cód breise TARIC ([3]) B773, is cuideachta í atá faoi réir ráta dleachta frithdhumpála aonair 0 %, agus chuir sí in iúl don Choimisiún gur athraigh sí a hainm go Oyama Technology (Jiangsu) Co., Ltd mar gheall ar a riachtanais forbartha gnó agus go raibh raon feidhme gnó breise glactha uirthi féin le haghaidh "Taighde agus forbairt a dhéanamh ar mhótair agus ar a gcóras rialaithe". Tar éis don chuideachta a hainm a athrú ([4]), d'iarr sí ar an gCoimisiún an 23 Samhain 2020 a dheimhniú nach ndéanann an t-athrú ainm difear do cheart na cuideachta leas a bhaint as an ráta dleachta frithdhumpála aonair a cuireadh i bhfeidhm maidir léi faoin ainm a bhí uirthi roimhe seo.

(3) Scrúdaigh an Coimisiún an fhaisnéis a bhí ar comhad, agus is é ba chonclúid don scrúdú go raibh an t-athrú ainm cláraithe i gceart an 3 Samhain 2020 leis na húdaráis ábhartha (Taicang City Market Supervision & Administration Bureau), agus nach raibh aon chaidreamh nua ann le grúpaí eile cuideachtaí mar thoradh air, cuideachtaí nár imscrúdaigh an Coimisiún. Dá réir sin, ní dhéanann an t-athrú ainm difear do thorthaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379, ná go háirithe don ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis.

(4) I bhfianaise a bhfuil san aithris thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 a leasú chun ainm athraithe na cuideachta a léiriú, ainm a sannadh roimhe seo do chód breise TARIC B773, agus gur cheart éifeacht a bheith leis an athrú ainm ón dáta clárúcháin i leith, an 3 Samhain 2020.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leasaítear Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 mar a leanas:

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 ón gCoimisiún an 28 Lúnasa 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí rothar a chuirtear chun bealaigh ón Indinéis, ón Malaeisia, ó Shrí Lanca, ón Túinéis, ón gCambóid, ón bPacastáin agus ó na hOileáin Fhilipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 (IO L 225, 29.8.2019, lch. 1).

([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

([4]) Fógra Formheasa um Chlárú Leasaithe le Taicang City Market Supervision & Administration Bureau, Foreign Investment Company Change Registration No 11030002 an 3 Samhain 2020.

| | |
|---|---|
| "Oyama Bicycles (Taicang) Co. Ltd" | B773 |

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin:

| | |
|---|---|
| "Oyama Technology (Jiangsu) Co., Ltd" | B773 |

2. Cód breise TARIC B773 a sannadh roimhe seo do Oyama Bicycles (Taicang) Co. Ltd, beidh feidhm aige maidir le Oyama Technology (Jiangsu) Co., Ltd ón 3 Samhain 2020 i leith.

3. Aon dleacht chinntitheach ar allmhairí táirgí arna monarú ag Oyama Technology (Jiangsu) Co., Ltd de bhreis ar an dleacht frithdhumpála a leagtar síos in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1379 a mhéid a bhaineann le Oyama Bicycles (Taicang) Co. Ltd, is dleacht í a dhéanfar a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN